


# An Coróinn Ṁuire

An t-Aṫair Peadar Ua Laoġaire
Canónaċ, S.P.
do ṡaoṫruiġ

An t-Aṫair Risteárd Pléimean, Ph.D.
do ċuir i n-eagar

Baile Áṫa Cliaṫ
1917
Muintir na Leaḃar Gaeḋilge
agus
Brún agus Nuallán
Forbaḋ Éilim

**Nihil Obstat:**

Gulielmus Landers,
*Censor Theol. Deput.*

**Imprimi potest:**

✠ Gulielmus,
*Archiep. Dublinen.*
*Hiberniae Primas.*

Dublini, *die 2 Februarii*, 1917.
*Festo Purificationis B.M.V.*

NATIONAL LIBRARY * OF IRELAND *
ACCESSIONS
31 MAY 1922
BOOK

Fógarthar gach ceart ar cosnaṁ.

Tá an leabar so
fé comairce
Muire na Deaġ-Ċoṁairle.

"A Ṁuime Ṁic Dé nár ṁeaḃruiġ díċ,
'S nár ċuiriġ i gcéad ċion seanda an ċrainn;
A Ṁuire, ná h-éimiḋ leamsa guíḋe
D' Ḟinne-Ṁic féin, tar ċeann do ġaoil."

"Thou Nurse of the Son of God, who didst no experience defect,
And who didst not share in the first old crime of the tree;
Mary, do not refuse to pray with me
To thine own bright Son, on behalf of (me who am) thy blood-relation."—Old Poet.

# An Ċoróinn Ṁuire

## Na Cúig Áṫais.

(Gaċ aon Luan agus gaċ aon Ḋardaoin i gcaiṫeaṁ na bliana, agus gaċ aon Ḋoṁnaċ sa n-Adbent agus tar éis an Epiphaní go dtí an Carġas.)

I n-Ainm an Aṫar, agus an Ṁic, agus an Spioraid Naoiṁ. Amen.

V. A Ṫiġearna, osgalóċair mo ḃeóla.
R. Agus labarfaid mo ḃéal molaḋ ḋuit.
V. Crom ċúġam le congnaṁ, a Ḋia.
R. Brostuiġ, a Ṫiġearna, agus cabruiġ liom.
V. Glóire do'n Aṫair, ⁊c.
R. Mar a ḃí ar dtúis, ⁊c. Amen.

### An Ċéad Áṫas.

Teaċtaireaċt an Árdaingil.

Maċtnuiġmís anso ar an áṫas a ċuir Dia na Glóire ar ċroiḋe na Maiġdine Muire nuair a ċuir sé an t-Árdaingeal Gabriél ag triall uirti 'gá insint di go raiḃ sí ceapaiṫe ó'n síoruiḋeaċt ċun beiṫ 'n-a máṫair ag Slánuiġṫeóir an doṁain, agus nuair a ġlac Mac Dé colann daonna 'n-a broinn, le h-oibriú ó'n Spioraid Naoiṁ.



# AN CHRÓING VUIRI.

## NA CHÚIG ÁHISH.

(Gahän Luan agus gahän Darduín a gahav na bliana, agus gahän Dônach sa n-Advent agus tar ésh an Epifaní go dí an Carys.)

A n-Ainim an Ahar agus an Vic agus an Sbrid Näv. Amen.

*V.* A Hiarna, osgalóir mo veóla.
*R.* Agus lourhig mo viàl mola ghoit.
*V.* Croum chúm le cûnav, a Ghie.
*R.* Brosduig, a Hiarna, agus couruig lium.
*V.* Glóiri don Ahir, &c.
*R.* Mar a ví er dúsh, &c. Amen.

### AN CHIÀD ÁHAS.

Teachduireacht an Árdaingil.

Machnuímísh ansò er an áhas a chuir Die na Glóiri er chry na Mayidini Muiri nuer a chuir shé an Tárdaingeal Gabriél a trial erhi ghá ínshint dì go roiv shí ceapuihi ón shyrycht chun veh 'na máhir ig Slánahóir a dôuin, agus nuer a ghlac Mac Dé colan däna 'na bruíng, le hebiriú ón Sbrid Näv.

Ár n-Aṫair atá ar Neaṁ, ⁊c.
Go mbeannuiġtear duit, a Ṁuire, ⁊c. (Deiċ n-uaire).
Glóire do'n Aṫair agus do'n Ṁac agus do'n Spiorad Naoṁ.
Mar a bí ar dtúis, ⁊c. Amen.

### AN TARNA H-ÁṪAS.

An ċuaird ag triall ar Elisabet Naoṁṫa.

Maċtnuiġmís anso ar an áṫas a bí ar ċroiḋe na Maiġdine Muire nuair a bí fios aici a ġaol, Elisabet Naoṁṫa, beiṫ ag iompar clainne, agus nuair imṫiġ sí ar ċuaird 'gá féaċaint, agus í féin ag iompar Ṁic Dé an uair ċéadna. Ċuaiḋ sí isteaċ i dtiġ Elisabet agus beannuiġ sí dí, agus nuair airiġ Elisabet an guṫ, do ṫug an leanḃ a bí i mbroinn Elisabet léim le neart áṫais. Eóin Baiste an leanḃ san, agus do glanaḋ é an uair sin ó peaca an tsinsir.

Ár n-Aṫair atá ar neaṁ, ⁊c.
Go mbeannuiġtear duit, a Ṁuire, ⁊c. (Deiċ n-uaire).
Glóire do'n Aṫair, ⁊c.
Mar a bí ar dtúis, ⁊c. Amen.

### AN TRIṀAḊ H-ÁṪAS.

Teaċt Íosa Ċríost ar an saoġal.

Maċtnuiġmís anso ar an áṫas a bí ar ċroiḋe na Maiġdine Muire nuair féaċ sí



Ár Nahir atá er neav, &c.
Go meanyhar doit, a Vuiri, &c. (*deh n-ueri*).
Glóiri don Ahir agus don Vac agus don Sbrid Näv.
Mar a ví er dúsh, &c. Amen.

### AN TARNA HÁHAS.

An chuerd a trial er Elisabet Näfa.

Machnuímísh ansò er an áhas a ví er chry na Mayidini Muiri nuer a ví's icì a gäl, Elisabet näfa, veh ig iúmpar cluingi, agus nuer imi shí er chuerd ghá fiàchuint, agus í fén ig iúmpar Vic Dé an uer chiàna. Chue shí ishdeàch a dig Elisabet agus veana shí ghì, agus nuer airig Elisabet an guh, do hug an leanav a ví a mruíng Elisabet lém le neart áhish. Óin Baishdi an leanav sun agus do glanag é an uer shin ó feaca an tínshir.

Ár Nahir atá er neav, &c.
Go meanyhar doit, a Vuiri, &c. (*deh n-ueri*).
Glóiri don Ahir, &c.
Mar a ví er dúsh, &c. Amen.

### AN TRÍÚ HÁHAS.

Teacht Ísa Críost er a säl.

Machnuímísh ansò er an áhas a ví er chry na Mayidini Muiri nuer iàch shí er ayig a

ar agaiḋ a Ṁic, agaiḋ Ṁic Dé, agaiḋ an tSlánuiġṫeóra, tar éis é teaċt ar an saoġal uaiṫi, gan doċar d'á maiġdineas. Ċuir sí n-a luiġe i mainséar an asail é, agus a fios aici gur b'é Mac Dé é.

Ár n-Aṫair atá ar neaṁ, ⁊c.
Go mbeannuiġṫear duit, a Ṁuire, ⁊c. (Deiċ n-uaire).
Glóire do'n Aṫair, ⁊c.
Mar a bí ar dtúis, ⁊c. Amen.

### An ceaṫraṁaḋ h-áṫas.

Toirbeart an Leinb Íosa sa Teampul.

Maċtnuiġmís anso ar conus mar a toirbir an Ṁaiġdean Ṁuire an leanb Íosa sa Teampul, lá a h-ainicte, agus gur ġlac Simeón naoṁṫa ċuiġe é in' uċt agus é ag gabáil a buiḋeċuis le Dia ó ċroiḋe.

Ár n-Aṫair atá ar neaṁ, ⁊c.
Go mbeannuiġṫear duit, a Ṁuire, ⁊c. (Deiċ n-uaire).
Glóire do'n Aṫair, ⁊c.
Mar a bí ar dtúis, ⁊c. Amen.

### An cúigṁaḋ h-áṫas.

Íosa i lár na n-ollaṁ.

Maċtnuiġmís anso ar an áṫas mór a bí ar ċroiḋe na Maiġdine Muire nuair a fuair sí a Mac istiġ sa teampul, i gcaṫair Ierúsalem, agus é, i n-aois a dá blian



Mic, ayig Vic Dé, ayig a Tlánahóra, tar ésh é hacht er a säl uehi, gan dochar dá mayidineas. Chuir shí 'na ly a mayinshär an asil é, agus a is icì gur v'é Mac Dé é.

Ár Nahir atá er neav, &c.
Go meanyhar doit, a Vuiri, &c. (*deh n-ueri*).
Glóiri don Ahir, &c.
Mar a ví er dúsh, &c. Amen.

### AN CEARHÚ HÁHAS.

Toiriveart an leniv Ísa sa Teaumpal.


Machnuímísh ansò er conus mar a herivir an Vayidean Vuiri an leanav Ísa sa Teaumpal, lá a hainici, agus gur ghlac Simeón näfa chuige é an' ucht, agus é a gváil a vächuish le Die ó chry.

Ár Nahir atá er neav, &c.
Go meanyhar doit, a Vuiri, &c. (*deh n-ueri*).
Glóiri don Ahir, &c.
Mar a ví er dúsh, &c. Amen.

### AN CÚIGIÚ HÁHAS.

Ísa a lár na n-olav.

Machnuímísh ansò er an áhas muar a ví er chry na Mayidini Muiri nuer a fuer shí a Mac ishdig sa teaumpal, a gahir Ierúsalem, agus é, a n-úish a ghá vlian diàg, ishtig




ḋéag, istiġ i lár na n-ollaṁ go léir, ag cur ceisteanna ċúċa agus ag freagairt ceisteanna ḋóiḃ, agus í féin agus Ióseṗ Naoṁṫa tar éis trí lá ċaiṫeaṁ 'á ċuarḋaċ.

Ár n-Aṫair atá ar neaṁ, ⁊c.
Go mbeannuiġṫear duit, a Ṁuire, ⁊c. (deiċ n-uaire).
Glóire do'n Aṫair, ⁊c.
Mar a ḃí ar dtúis, 7c.
Molaimís Íosa Críost.
Molaḋ ḋó do síor agus do ġnáṫ.
Amen.

## An Salḃe Reġina.

Go mbeannuiġṫear duit, a Ḃanríoġan naoṁṫa, a Ṁáṫair na trócaire. Go mbeannuiġṫear duit! Is tu ár mbeaṫa, ár milseaċt agus ár ndóċas! Is ort-sa do sgreadaimíd, clann ḃoċt díbearṫa Éḃa! Is ċúġat-sa suas a ċuirimíd ár n-osna, ag caoi agus ag gol sa ġleann so na ndeór. Iompuiġ orainn d'á ḃríġ sin, a Ċomairce ċaoṁ-uasal, do súile atá lán de ṫruaġ, agus nuair a ḃeiḋ deire le n-ár ndíbirt, taḃair radarc dúinn ar toraḋ do ḃruinne Íosa, a Ṁaiġdean Ṁuire ró ṫrócaireaċ, ró ġráḋṁar, ró ṁilis.

V. Guiḋ orainn, a naoṁ Ṁáṫair Dé.
R. Ionus go mb'fiú sinn toraḋ geallaṁna Ċríost d'fáġail.



a lár na n-ullav go lér, a cur ceshdeana chúha agus a freaguirt ceshdeana ghóiv, agus í fén agus Iósef näfa tar ésh trí lá chahav á chuardach.

Ár Nahir atá er neav, &c.
Go meanyhar doit, a Vuiri, &c. (*deh n-ueri*).
Glóiri don Ahir, &c.
Mar a ví er, dúsh, &c.
Moluimísh Ísa Críost.
Mola ghò do hyr agus do ghnáh.
Amen.

## AN SALVÉ REGINA.

Go meanyhar doit, a vauryn näfa, a Váhir na trócairi. Go meanyhar doit! Is tú ár meaha, ár míshleacht, agus ár nóchas. Is ortsa do shgreaduimíd, claun vocht díbearha Éva. Is chútsa suas a chuirimíd ár n-osna, a cy agus a gol sa ghleaun so na neór. Úmpuig oruing dá vrí shin, a chomuirci chäv-uasal, do húili atá lán de hrua, agus nuer a veg deri le n-ár níbirt, túir rayrc dúing er hora do vruingi, Ísa, a Vayidean Vuiri ró-hrócuireach, ró-ghrávar, ró-vilish.

*V*. Guig oruing, a näv Váhir Dé.
*R*. Unas go m'iú shing tora gealúna Chríost d'áil.

### Guiḋimís Dia

A Aṫair Síoruiḋe, do ċeannaiġ t' Aon-Ṁac dúinn, le n-a ḃeaṫa agus le n-a ḃás agus le n-a aiseiriġe, aoiḃneas síoruiḋe na bflaṫas. Tabair dúinn, aitċimíd ort, do ġrásta, ionus, ag maċtnaṁ dúinn ar na mistéiriḃ seo na Coróinneaċ Muire, go dtiocfaiḋ linn do toil naoṁṫa a ḋéanaṁ agus an t-aoiḃneas síoruiḋe sin a ṡroisint, tré Íosa Críost ár dTiġearna. Amen.

---

## Na Cúig Dólás.

(Gaċ Máirt agus gaċ Aoine i gcaiṫeaṁ na bliana agus gaċ Domnaċ sa Carġas.)

### An ċéad dólás.

An t-Allus Fola.

Maċtnuiġmís anso ar an mbuairt uaṫḃásaċ a ṫáinig ar Ṡlánuiġṫeóir an doṁain nuair a ḃí sé sa ġáirdín i láṫair an Aṫar Síoruiḋe an oiḋċe a tosnuiġ a páis, nuair a ġlac sé air féin fearg Dé d'fulang tar ċeann na cine daonna. Ḃí an ḃuairt ċóṁ dian san gur ċomáin sí an fuil amaċ tré n-a ḃallaiḃ beaṫa go léir, i dtreó go raiḃ sí ag ruiṫ 'n-a sroṫaiḃ anuas ar an dtalaṁ uaiḋ. Iarraimís ar Ṁuire Ṁáṫair toraḋ an alluis fola san a ḋ'fáġail dúinn, i



### GUÍMÍSH DIE.

A Ahir Shyry, do cheanuig t'Än-Vac dúing, lena veaha agus lena vás agus lena aisheirí, ívneas shyry na vlahas. Túir dúing, aicimíd ort, do ghrásda, ionus, a machnav dúing er na mishdérív sho na Cróingeach Muiri, go diucuig ling do hoil näfa a ghiànav, agus, an t-uívneas shyry shin a hroshint, trí Ísa Críost ár Diarna. Amen.

---


## NA CHÚIG DÓLÁSH.

(Gach Máirt agus gach Íni a gahav na bliana, agus gach Dônach sa Charys.)

### AN CHIÀD DÓLÁS.

An Talas Fola.

Machnuímísh ansò er a muert úhásach a háinig er Hlánahóir a dôuin nuer a ví shé sa gháirdín a láhir an Ahar Shyry an uíhi a hosanuig a fásh, nuer a ghlac shé er fén fearag Dé d'ulag har cheaun na cini däna. Ví an vuert chô dian sun gur chomáin shí an uil amàch tri n-a valuiv beaha go lér, a dreó go roiv shí a ruih 'na srohiv anuas er a dalav ueg. Iaruimísh er Vuiri Váhir tora



14

dtreó, ó ċuir ár Slánuiġṫeóir a ṫoil le toil an Aṫar Síoruiḋe ċun sinn a d'fuasgailt, go gcuirfimís féin ár dtoil le toil Dé ins gaċ trioblóid saoġalta d'á dtiocfaiḋ orainn.

Ár n-Aṫair atá ar neaṁ, ⁊c.
Go mbeannuiġtear duit, a Ṁuire, ⁊c.
(Deiċ n-uaire).
Glóire do'n Aṫair, ⁊c.
Mar a bí ar dtúis, ⁊c. Amen.

### An tarna dólás.

#### An sgiúrsáil.

Maċtnuiġmís ar an sgiúrsáil sin; Mac Dé, Slánuiġṫeóir an doṁain, ag fulag na sgiúrsála san tar ċeann na cine daonna; ċun mise agus tusa ṫabairt saor ó'n íde a bí tabarta ag an bpeaca orainn. A Ṁuire, a Ṁáṫair an tSlánuiġṫeóra san, iar ar Ḋia a grásta tabairt dúinn i dtreó go seaċnó'míd an peaca feasta agus ná raġaiḋ toraḋ na sgiúrsála san i n-aisteaṙ uainn sa deire!

Ár n-Aṫair atá ar neaṁ, ⁊c.
Go mbeannuiġtear duit, a Ṁuire, ⁊c.
(Deiċ n-uaire).
Glóire do'n Aṫair, ⁊c.
Mar a bí ar dtúis, ⁊c. Amen.

15

an aluish fola sun a gh'áil dúing, a dreó, ó chuir ár Slánahóir a hoil le toil an Ahar Shyry chun shing a gh'uasguilt, go guirhimísh fén ár doil le toil Dé ins gach triubalóid sälta dá diucuig oruing.

Ár Nahir atá er neav, &c.
Go meanyhar doit, a Vuiri, &c. (*deh n-ueri*).
Glóiri don Ahir, &c.
Mar a ví er dúsh, &c. Amen.

### AN TARNA DÓLÁS.

#### An Shgiúrsáil.

Machnuímísh er a shgiúrsáil shin; Mac Dé, Slánahoir a dôuin, a fulag na shgiúrsála sun har cheaun na cini däna; chun mishi agus tusa húirt sär ón ídi a ví túrha ig an beaca oruing. A Vuiri, a Váhir a Tlánahóra sun, iar er Ghie a ghrásda húirt dúing a dreó go shachnóimíd an peaca feasda agus ná rayig tora na shgiúrsála sun a n-aishdear ueng sa deri!

Ár Nahir atá er neav, &c.
Go meanyhar doit, a Vuiri, &c. (*deh n-ueri*).
Glóiri don Ahir, &c.
Mar a ví er dúsh, &c. Amen.

## An Tríṁaḋ Dólás.

### An Ċoróinn Ḋeilgneaċ.

Maċtnuiġmís ar an gcoróinn sin. Toraḋ an uabair í sin; toraḋ na h-easumhlaiġeaċta; toraḋ na stuacaċta ná leogan do ḋuine é féin d'uṁlú ná a ċeann do ċromaḋ i láṫair Dé ná daoine. Ar ár gceann-ne ba ċeart an ċoróinn ḋeilgneaċ san do ċur. A Ṁuire, a Ṁáṫair Íosa, iar ar Ḋia grásta na h-umhlaiḋeaċta taḃairt dúinn. Tá gá againn leis. Do ċeannaiġ an Slánuiġṫeóir dúinn é nuair ṫuiliġ sé an ċoróinn sin do ċur ar a ċeann ró-naoṁta.

Ár n-Aṫair atá ar neaṁ, ⁊c.
Go mbeannuiġṫear duit, a Ṁuire, ⁊c. (Deiċ n-uaire).
Glóire do'n Aṫair, ⁊c.
Mar a ḃí ar dtúis, ⁊c. Amen.

## An Ceaṫramaḋ Dólás.

### Íosa ag iompar na croise céasta.

Féaċaimís ar an gcrois sin anuas ar ġuailniḃ ár Slánuiġṫeóra. Peaca an tsinsir, agus peacaí na cine daonna, agus ár bpeacaí féin, isiad a ċuir an t-ualaċ san ar ġuailniḃ ár Slánuiġṫeóra. A Uain Dé a tóġan ċun siuḃail peacaí an doṁain, déin trócaire orainn. A Ṁuire Ṁáṫair, iar ar Ḋia a ġrásta taḃairt dúinn, i dtreó go nglacfaimíd le h-umhlaiḋeaċt agus go



## AN TRÍÚ DÓLÁS.

### An Chróing Gheligineach.

Machnuímísh er a gróing shin. Tora an uer í shin; tora na heasûlychda; tora na sduacachda ná leogan do ghuini é fén d'ûlú ná a cheaun do chroma a láhir Dé ná duíni. Er ár geaun-na ba cheart an chróing gheligineach sun do chur. A Vuiri, a Váhir Isa, iar er Ghie grásda na hûlychda húirt dúing. Tá gá aguing lesh. Do cheanuig an Slánahóir dúing é nuer ilig shé an chróing shin do chur er a cheaun ró-näfa.

Ár Nahir atá er neav, &c.
Go meanyhar doit, a Vuiri, &c. (*deh n-ueri*).
Glóiri don Ahir, &c.
Mar a ví er dúsh, &c. Amen.

## AN CEARHU DOLAS.

### Ísa ig iúmpar na cruishi ciàsda.

Fiàchuimísh er a gruish shin anuas er ghueliv ár Slánahóra. Peaca an tínshir, agus peacy na cini däna, agus ár beacy fén, ishiad a chuir an t-ualach sun er ghueliv ár Slánahóra. A Uen Dé a hógan chun shúil peacy an dôuin, din trócuiri oruing. A Vuiri Váhir, iar er Ghie a ghrásda húirt dúing, a dreó go nglacuimíd le hûlycht agus

n-iompaió'mío le foiḋne pé ualaċ is toil leis a ċur orainn ar an saoġal so!

Ár n-Aṫair atá ar neaṁ, ⁊c.
Go mbeannuiġtear duit, a Ṁuire, ⁊c. (Deiċ n-uaire).
Glóire do'n Aṫair, ⁊c.
Mar a ḃí ar dtúis, ⁊c. Amen.

## An cúigṁaḋ dólás.

### An céasaḋ.

Nuair a tánatar go bara ċnuic Calbarí do baineaḋ a ċuid éadaiġ d'ár Slánuiġṫeóir agus do leagaḋ anuas ar aḋmaḋ na croise é agus do tárnálaḋ ar an gcrois é, i láṫair na Maiġdine Muire. A Ṁuire Ṁáṫair, iar ar Ḋia ár bpeacaí ṁaiṫeaṁ dúinn, agus a grásta tabairt dúinn ċun gan aon ṗeaca déanaṁ níos mó an faid a fágfar ar an saoġal sinn.

Ár n-Aṫair atá ar neaṁ, ⁊c.
Go mbeannuiġtear duit, a Ṁuire, ⁊c. (Deiċ n-uaire).
Glóire do'n Aṫair, ⁊c.
Mar a ḃí ar dtúis, ⁊c.
Molaimís Íosa Críost.
Molaḋ dó do ṡíor agus do ġnáṫ. Amen.

An Salbe Regina.
A Aṫair Sioruiḋe, ⁊c.



go n-iúmparóimíd le foyingi pé ualach is toil lesh a chur oruing er a säl so!

Ár Nahir atá er neav, &c.
Go meanyhar doit, a Vuiri, &c. (*deh n-ueri*).
Glóiri don Ahir, &c.
Mar a ví er dúsh, &c. Amen.

## AN CÚIGIÚ DÓLÁS.

### An Ciàsa.

Nuer a tánahas go bara chnuic Calvarí do buineag a chuid iàduig dár Slánahóir agus do leagag anuas er aymad na cruishi é agus do tárnálag er a gruish é, a láhir na Mayidini Muiri. A Vuiri Váhir iar er Ghie ár beacy vahav dúing agus a ghrásda húirt dúing chun gan än feaca ghiànav nís mó an aid a fágfar er a säl shing.

Ár Nahir atá er neav, &c.
Go meanyhar doit, a Vuiri, &c. (*deh n-ueri*).
Glóiri don Ahir, &c.
Mar a ví er dúsh, &c.
Moluimísh Ísa Críost.
Mola ghò do hyr agus do ghnáh. Amen.

An Salvé Regína.
A Ahir Shyry, &c.

## Na Cúig Buaḋa.

(Gaċ Céadaoin agus Saṫarn i gcaiṫeaṁ na bliana agus gaċ Doṁnaċ ón gCáisc go dtí an t-Advent).

### An ċéad buaḋ.

Aiseirige ár Slánuiġṫeóra.

Maċtnuiġmís anso ar conus mar a rug ár Slánuiġṫeóir buaḋ ar an mbás nuair aiseirig sé le n-a ċóṁaċtaiḃ féin as an uaig agus greim an báis briste aige, greim nár briseaḋ riaṁ go dtí san, agus nár ḃ'féidir a ḃrise aċ le cóṁaċtaiḃ Dé. A Ṁuire Ṁáṫair, iar ar an Aon Ṁac san leat a ḃuaiḋ ar an mbás, a ġrásta taḃairt dúinne, i dtreó go mbuaiḋfimíd ar ár ndroċ ċleaċtaiḃ ar an saoġal so, agus go mbeimíd ar an ndream do rug buaḋ ins na flaṫais.

Ár n-Aṫair atá ar neaṁ, ⁊c.
Go mbeannuiġtear duit, a Ṁuire, ⁊c. (Deiċ n-uaire).
Glóire do'n Aṫair, ⁊c.
Mar a ḃí ar dtúis, ⁊c. Amen.

### An tarna buaḋ.

Deasgaḃáil ár Slánuiġṫeóra.

Maċtnuiġmís anso ar conus mar a ċait ár Slánuiġṫeóir daċad lá ar an saoġal so, tar éis na h-aiseirġe, ag teagasg na n-Aspol agus na ndeisgiobol,



## NA CHÚIG BUA.

(Gach Ciàduín agus Saharan a gahav na bliana agus gach Dôunach ón gCáishc go dí an t-Advent.)

### AN CHIÀD VUA.

Aisheirí ár Slánahóra.


Machnuímísh ansò er conas mar a riug ár Slánahóir bua er a más nuer aisheiri shé lena chôchduiv fén as an ueg agus greim a vásh brishdi igè, greim nár brishag ryav go dí sun, agus nár v'édir a vrishi ach le côchduiv Dé. A Vuiri Váhir, iar er an Än Vac sun leat a vueg er a más, a ghrásda húirt dúingna a dreó go muahimíd er ár nroh-chleachduiv er a säl so agus go memíd er a nreaum do riug bua ins na flahish.

Ár Nahir atá er neav, &c.
Go meanyhar doit, a Vuiri, &c. (*deh n-ueri*).
Glóiri don Ahir, &c.
Mar a ví er dúsh, &c. Amen.

### AN TARNA BUA.

Deasgaváil ár Slánahóra.

Machnuímísh ansò er conas mar a chah ár Slánahóir dahad lá er a säl so, tar ésh na haisheirí, a teagasc na Nasbal agus na ncshgiubal, agus conas mar a chue shé suas





agus conus mar a ċuaiḋ sé suas ansan, Dardaoin Deasgabála, os a gcoṁair go léir, go ríġeaċt na bflaṫas, mar a bfuil sé anois 'n-a ṡuiḋe ar deas-láiṁ an Aṫar Síoruiḋe. A Ṁuire Ṁáṫair, iar ar Ḋia a ġrásta tabairt dúinn, i dtreó go lean-fimíd teagasg na n-Aspol agus gur ar deis ár Slánuiġteóra do ġeóbfar sinn lá an ḃreiteaṁantais.

Ár n-Aṫair atá ar neaṁ, ⁊c.
Go mbeannuiġtear duit, a Ṁuire, ⁊c. (Deiċ n-uaire).
Glóire do'n Aṫair, ⁊c.
Mar a ḃí ar dtúis, ⁊c. Amen.

## An Tríṁaḋ Buaḋ.

Teaċt an Spioraid Naoiṁ ar na h-Aspolaiḃ.

Ḃí an Slánuiġteóir imiġte suas ar neaṁ agus ḃí na h-Aspoil agus na deis-giobuil cruinniġte, i bfolaċ, istiġ i seómra, i gcaṫair Ierúsalem, agus ná tais-leoġfaḋ sgannra dóiḃ iad féin do taisbeáint. Ḃí Muire Ṁáṫair sa treómra 'n-a dteannta. Táinig an Domnaċ, Domnaċ Cingcíse. D'eiriġ go h-obann mar ḃeaḋ stoirm gaoiṫe agus conacadar ag teaċt ċúca anuas tré ḃuaic an treómra, lassraċa teine i bfuirm teangṫaċa. Do luiġ ceann des na lassraċaiḃ ar ceann gaċ duine acu. Moṫuiġdar láitreaċ mis-




ansùn, Darduín Deasgavála, as a gôir go lér, go rycht na vlahas, mar a vuil shé inìsh 'na hí er deasláiv an Ahar Shyry. A Vuiri Váhir, iar er Ghie a ghrásda húirt dúing a dreó go leanhimíd teagasc na Nasbal, agus gur er ghesh ár Slánahóra do gheófar shing lá an vrehûntuish.

Ár Nahir atá er neav, &c.
Go meanyhar doit, a Vuiri, &c. (*deh n-ueri*).
Glóiri don Ahir, &c.
Mar a ví er dúsh, &c. Amen.

## AN TRÍÚ BUA.

Teacht an Sbrid Nuív er na Hasbaluiv.

Ví an Slánahóir imlhi suas er neav agus ví na Hasbuil agus na deshgiubuil cruinghi, a volàch, ishdìg a shómara, a gahir Ierúsalem, agus ná leocach sgâura ghóiv iad fén do hisbeáint. Ví Muiri Váhir sa teómara 'na deaunta. Háinig an Dôunach, Dôunach Cíngcíshi. D'eirig go hoban mar vèach sduirim guíhi agus chnucadar a teacht chúha anuas trí vuec a teómara, lasaracha tini a vuirim teaunghacha. Do luig ceaun des na lasarachuiv er cheaun gach duini acù. Volasarachuiv er cheaun gach duini acù. Vo-hydar láirhach mishneàch a teacht dóiv agus





neaċ ag teaċt ḋóiḃ agus an sgannra ag imteaċt ḋíoḃ. D'osgaladar an seómra agus d'imtiġeadar amaċ, gan sgát gan eagla, agus ċromadar ar an gcreideaṁ do ċraobsgaoile ar fuaid na caṫraċ, i n-ilteangtaċaiḃ, sé sin le ráḋ, d'airiġ gaċ duine iasaċta a ċaint féin uata. A Ṁuire Ṁáṫair, iar ar an Spiorad Naoṁ a ġrásta taḃairt dúinn i dtreó go ndéanfaimíd toil Dé i gcóṁnuiḋe, gan sgát gan eagla.

Ár n-Aṫair atá ar neaṁ, ⁊c.
Go mbeannuiġtear duit, a Ṁuire, ⁊c. (deiċ n-uaire).
Glóire do'n Aṫair, ⁊c.
Mar a ḃí ar dtúis, ⁊c. Amen.

## An ceaṫraṁaḋ buaḋ.

Tógáil na Maiġdine Muire suas ar neaṁ.

Dá ḃliain déag tar éis deasgaḃála ár Slánuiġteóra do fuair an Ṁaiġdean Ṁuire bás. Láiṫreaċ tar éis báis di do tóg a h-Aon Ṁac, Aon Ṁac Dé, ár Slánuiġteóir Íosa Críost, leis suas go h-aoiḃneas na bflaṫas í. A Ṁuire Ṁáṫair, iar ar an Aon Ṁac san a ġrásta taḃairt go líonṁar dúinn i dtreó go ndéanfaimíd a toil le díograis ar an saoġal so, agus ansan, nuair a ṫiocfaiḋ an bás orainn, go mbéarfar suas sinn agus go dtaḃarfar




an sgâura ig imeàcht díov. D'osgaladar an shómara agus d'imíodar amàch, gan sgáh gan agala, agus chromadar er a gredeav do chrävsguíli er fued na caharach, a n-il-teaunghachuiv, sé shin le rá, d'airig gach duini iasachda a chayint fén uaha. A Vuiri Váhir, iar er a Sbrid Näv a ghrásda húirt dúing a dreó go niànhimíd toil Dé a gôny, gan sgáh gan agala.

Ár Nahir atá er neav, &c.
Go meanyhar doit, a Vuiri, &c. (*deh n-ueri*).
Glóiri don Ahir, &c.
Mar a ví er dúsh, &c. Amen.

## AN CEARḤÚ BUA.

Tógáilt na Mayidini Muiri suas er neav.

Ghá vlien diàg tar ésh deasgavála ár Slánahóra do fuer an Vayidean Vuiri bás. Láirhach tar ésh vásh dì do hóg a Hän Vac, Än Vac Dé, ár Slánahóir Ísa Críost, lesh suas go hívneas na vlahas í. A Vuiri Váhir, iar er an An Vac sun a ghrásda húirt go líonvar dúing a dreó go niànhimíd a hoil le díogras er a säl so agus ansùn, nuer a hucuig an bás oruing, go miàrfar suas shing agus go





radarc dúinn, air féin agus orrsa, i ríġeaċt na bflaṫas.

Ár n-Aṫair atá ar neaṁ, ⁊c.
Go mbeannuiġṫear duit, a Ṁuire, ⁊c. (deiċ n-uaire).
Glóire do'n Aṫair, ⁊c.
Mar a bí ar dtúis, ⁊c. Amen.

## An cúigṁaḋ buaḋ.

### Corónnú na Maiġdine Muire.

Nuair a ṫóg ár Slánuiġṫeóir leis suas an Ṁaiġdean Ṁuire go ríġeaċt na bflaṫas, ċuir sé an ċoróinn ríoġa ar a ceann, i láṫair na naoṁ agus na n-aingeal, mar dob í Banríġin na bflaṫas í; Máṫair an Aon Ṁic; Máṫair Dé. A Ṁuire Ṁáṫair, iar anois ar an Aon Ṁac san a grásta taḃairt dúinn go líonṁar agus go flúirseaċ, i dtreó go mbeiḋ ár slíġe ċun Dé go maiṫ ar an saoġal so, agus go bfaiġmíd radarc ar an gcoróinn sin atá ar do ceann-sa nuair a ṫiocfaiḋ an bás orainn.

Ár n-Aṫair atá ar neaṁ, ⁊c.
Go mbeannuiġṫear duit, a Ṁuire, ⁊c. (deiċ n-uaire).
Glóire do'n Aṫair, ⁊c.
Mar a bí ar dtúis, ⁊c.
Molaimís Íosa Críost.
Molaḋ dó do ṡíor agus do ġnáṫ. Amen.
An Salve Regina.
A Aṫair Síoruiḋe, ⁊c.



dúrfar rayrc dúing, er fén agus ortsa, a rycht na vlahas.


Ár Nahir atá er neav, &c.
Go meanyhar doit, a Vuiri, &c. (*deh n-ueri*).
Glóiri don Ahir, &c.
Mar a ví er dúsh, &c. Amen.

## AN CÚIGIÚ BUA.

### Cróingiú na Mayidini Muiri.

Nuer a hóg ár Slánahóir lesh suas an Vayidean Vuiri go rycht na vlahas, chuir shé an chróing ryga er a ceaun, a láhir na näv agus na n-aingeal, mar do b'í Bâuruín na vlahas í; Máhir an Ân Vic; Máhir Dé. A Vuiri Váhir, iar inish er an Ân Vac sun a ghrásda húirt dúing go líonvar agus go flúirshach, a dreó go meg ár shlí chun Dé go mah er a säl so, agus go vayimíd rayrc er a gróing shin atá er do cheaun-sa nuer a hucuig an bás oruing.

Ár Nahir atá er neav, &c.
Go meanyhar doit, a Vuiri, &c. (*deh n-ueri*).
Glóiri don Ahir, &c.
Mar a ví er, dúsh, &c.
Moluimísh Ísa Críost.
Mola ghò do hyr agus do ghnáh. Amen.
An Salvé Regína.
A Ahir Shyry, &c.





## Na Paidreaċa Miona.

1 n-Ainm an Aṫar, agus an Ṁic, agus an Spioraid Naoiṁ. Amen.

Ár n-Aṫair atá ar Neaṁ, go naoṁ-uiġṫear t'ainm; go dtagaiḋ do ríġeaċt; go ndéantar do toil ar an dtalaṁ mar a déantar ar neaṁ. Ár n-arán laeṫeaṁail tabair dúinn indiu; maiṫ dúinn ár gcionta mar maiṫimíd-ne do ċáċ a ċiontuiġeann i n-ár n-aġaiḋ; agus ná leig sinn i gcaiṫiḃ, aċt saor sinn ó olc. Amen.

Go mbeannuiġṫear duit, a Ṁuire, lán de ġrástaiḃ. Tá an Tiġearna ad ḟoċair. Is beannuiġṫe tu idir mnáiḃ, agus is beannuiġṫe toraḋ do ḃroinne, Íosa.

A Naoṁ Ṁuire, a Ṁáṫair Dé, guiḋ orainne na peacaiġ, anois agus ar uair ár mbáis! Amen.

Glóire do'n Aṫair, agus do'n Ṁac, agus do'n Spiorad Naoṁ!

Mar a ḃí ar dtúis, mar atá fós, agus mar a ḃeiḋ le saoġal na saoġal. Amen.

## An Creiḋ.

Creidim i nDia, an t-Aṫair Uile-ċóṁaċtaċ, Cruṫuiġṫeóir neiṁe agus talṁan, agus i n-Íosa Críost, a aon Ṁac san, ár dTiġearna, a gabaḋ ó'n Spiorad Naoṁ, a rugaḋ ó Ṁuire Óġ, d'fuiling páis fé



## NA PAIDIREACHA MIONA.

A n-ainim an Ahar agus an Vic agus an Sbrid Näv. Amen.

Ár Nahir atá er neav go näfyr t'ainim; go daga do ríocht; go nintear do hoil er a dalav mar a dintear er neav. Ar n-arán lähúil túir dúing iniùv; mah ghúing ar giunta mar vahimídna do chách a chiúntyn 'nár n-ayig; agus ná lég shing a gahív ach sär shing ó olc. Amen.

Go meanyhar doit, a Vuiri, lán de ghrásduiv; tá an Tiarna at' ochuir; is beanuihi hú idir vnáiv, agus is beanuihi tora do vruingi, Ísa.

A näv Vuiri, a Váhir Dé, guig oruing, na peacuig, inìsh agus er uer ár másh. Amen.

Glóiri don Ahir, agus don Vac, agus don Sbrid Näv!

Mar a ví er dúsh, mar atá fós, agus mar a veg le säl na säl. Amen.

## AN CHRÉ.

Credim a Nie, an Tahir ili-chôchdach, cruhahóir neav agus talûn. Agus a n-Isa Críost, a Änvac sun, ár Diarna; a goug ón Sbrid Näv; a rugag ó Vuiri Ó; d'uilig páish fé Fontius Pílát: do ciàsag er chruish;

Pontius Pílát, do céasaḋ ar ċrois, do fuair bás agus do h-aḋlacaḋ, a ċuaiḋ síos go h-ifrionn, d'aiséirig an treas lá ó marḃaiḃ, a ċuaiḋ suas ar neaṁ, atá 'na suiḋe ar ḋeaslaiṁ Dé, an t-Aṫair Uile-ċoṁaċtaċ. As san tiocfaiḋ ag taḃairt ḃreiṫeaṁantais ar ḃeóiḋ agus ar ṁarḃaiḃ. Creidim sa Spiorad Naoṁ, sa Naoṁ Eaglais Ċaitiliciġe, i gcomaoine na naoṁ, i maiṫeaṁnaċas na bpeacaiḋe, i n-aiséirġe na colna, agus sa ḃeaṫaiḋ ṡíorraiḋe. Amen.

## An Faoisdin Coitċian.

Admuiġim do Ḋia 'n uile ċoṁaċt, do Ṁuire Naoṁta atá riaṁ 'n-a h-óġ, do Ṁiceál Naoṁta Arḋaingeal, do Naoṁ Eóin Baiste, do na h-Aspolaiḃ naoṁta, Peadar agus Pól, agus do na naoiṁ uile, gur peacuiġeas go mór agus go ró ṁór, le smuineaṁ le briaṫar agus le gníoṁ, tré m' ċoir féin, tré m' ċoir féin, tré m' ċoir féin go ró ṁór. Ar an aḋḃar san aċċuinġim ar Ṁuire Naoṁta atá riaṁ 'n-a h-óġ, ar Ṁiceál Naoṁta Arḋaingeal, ar Naoṁ Eóin Baiste, ar na h-Aspolaiḃ naoṁta Peadar agus Pól, agus ar na naoiṁ uile, guiḋe ċum an Tiġearna Dia ar mo son.

Go dtugaiḋ Dia 'n uile ċóṁaċt grásta agus trócaire agus maiṫeaṁnaċas am peacaiḋe dom ar an saoġal so, agus an ḃeaṫa ṡíorraiḋe sa traoġal atá le teaċt! Amen.




do fuer bás agus do haylacag; a chueg shys go hifirean; d'aisheirig an treas lá ó varuív; a chueg suas er neav, atá 'na hy er deasláiv Dé an Tahir ilichôchdach. As sùn̥g tiucuig a túirt brehúntuish er veóiv agus er varuív. Credim sa Sbrid Näv, sa Näv Agaluish Chaitilicí; a gomuíni na näv; a mahûnachas na beacy; a n-aisheirí na cola; agus sa veaha hyry. Amen.

## AN ÍSDIN CHOITIAN.

Adavuím do Ghie an ele-chócht, do Vuire Näfa atá ryav 'na hó, do Víhál Näfa árdaingeal, do Näv Óin Baishdi, do na Hasboluiv näfa Peaduir agus Pól, agus do na nuív ele, gur feacys go muar agus go ró vuar le smuíneav le briahar agus le gníov, tríom chuir fén, tríom chuir fén, tríom chuir fén go ró vuar. Er an our son achuiním er Vuire Näfa atá ryav na hó, er Víhál Näfa árdaingeal, er Näv Óin Baishdi er na Hasboluiv näfa Peaduir agus Pól agus er na nuív ele, gy chun a Tiarna Die er mo hon.

Go duga Die an ele-chócht grásda agus trócuire agus mahúnachas am peacy ghom er a säl so agus an veaha híory sa täl atá le teacht! Amen.





# A Tríonóid Naoṁṫa, a Aon Dia aṁáin.

A Tríonóid Naoṁṫa, a Aon Dia aṁáin,
Ar son Croiḋe Íosa do briseaḋ sa Páis,
Maiṫ na peacaí dom, beannuiġ mo ḃás,
Agus mo ġráḋ do Ṫoil.

A Tríonóid Naoṁṫa, a Aon Dia aṁáin,
Ar son Croiḋe Ṁuire do goineaḋ sa Páis,
Maiṫ na peacaí dom, beannuiġ mo ḃás,
Agus mo ġráḋ do Ṫoil.

A Tríonóid Naoṁṫa, a Aon Dia aṁáin,
Ar son an Ċéile sin Ṁuire na nGrást
Maiṫ na peacaí dom, beannuiġ mo ḃás,
Agus mo ġráḋ do Ṫoil.

Amen.

NATIONAL
LIBRARY OF
IRELAND.
149146